3

Focail Dheacra

	Lch
i rith an tsamhraidh	27
dheireanaigh	
diallait	
steallóga	28
béalbhach	
cruachadh	
bulláin	
léasadh teanga	29
eadránaí	31
idirghabhálaí	
torc	32
cránacha agus céasóga	
scun scan	
maide	33

Frásaí

	Lch
an béal bán aige	33
fuair sé an lámh in uachtar + ar	33

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cá háit ar stad siad faoi choinne deoch uisce?
2. Cad é na trí rud a dhéanadh Albert le Joey a chur ar a shuaimneas agus iad ag marcaíocht?
3. Cad é an obair a rinne Joey agus Zoey sna páirceanna?
4. Cad iad na hainmhithe eile a bhí ar an fheirm?
5. Cad é an obair a rinne athair Albert ar an fheirm?
6. Dar le máthair Albert, cad is cúis leis an imní mhór atá ar a athair?
7. Cén aois é athair Albert?
8. Cá mhéad capall a bhí de dhíth don obair feirme?
9. Cad é an jab a dhiúltaigh Albert a dhéanamh dá athair?
10. Cad é an plean a bhí ag Albert don gheimhreadh sin?
11. Cad chuige a raibh athair Albert chomh deas sin le Joey an iarraidh seo?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cad é mar a chuir Albert in iúl do Joey an rud ar mhaith leis é a dhéanamh?
2. Cad é mar a léirigh an mháthair go raibh sí dílis dá fear céile?
3. Cén chúis a thugann Albert a léiríonn nach bhfuil leithscéal ag a athair a bheith ag ól mar a bhíonn sé?
4. Cén fáth nach bhfuil athair Albert sásta gur cheannaigh sé Joey?

Ceisteanna Smaointeoireachta

1. Deir athair Albert go bhfuil an t-airgead de dhíth air agus sin an fáth a bhfuil Joey le díol aige, ach ní thugann sé deis do Albert slán a fhágáil leis. Smaoinigh ar an eachtra seo ó thaobh athair Albert, máthair Albert agus Albert féin de – cad iad a gcuid tuairimí?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Scríbhneoireacht

Taifead ar Charachtar

Déan anailís níos doimhne ar athair Albert. Scríobh taifead nó achoimre ghairid ar na príomheachtraí a tharla don charachtar go dtí seo.

- Cad iad na focail a d'úsáid an t-údar le cur síos a dhéanamh ar an charachtar seo?
- Cad é a dúirt na carachtair eile faoin charachtar seo?
- Roghnaigh líne amháin ón leabhar a léiríonn an phearsantacht a bhí aige.
- An maith leat an duine seo?
- Roghnaigh trí aidiacht le cuir síos a dhéanamh ar athair Albert.

Obair ghrúpa – déan comparáid idir na rudaí a scríobh tú féin agus na rudaí a scríobh daoine eile.